CINNEADH (AE) 2023/310 ÓN gCOMHAIRLE

an 6 Feabhra 2023

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Choiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta arna bhunú faoin gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta chun sonraí a tharchur idir institiúidí nó comhlachtaí idirchaidrimh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 48, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ([1]) ("an Comhaontú Trádála agus Comhair"), i gcrích trí bhíthin Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle ([2]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021, tar éis é a bheith á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann.

(2) De bhun Airteagal 778(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, is cuid dhílis den chomhaontú sin na Prótacail agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis. I gcomhréir le hAirteagal 783(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, ón dáta óna gcuireadh an comhaontú sin i bhfeidhm go sealadach ar aghaidh, tá tagairtí do dháta a theacht i bhfeidhm le tuiscint mar thagairtí don dáta óna gcuireadh i bhfeidhm go sealadach é.

(3) Le hAirteagal 8(4)(c) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, cumhachtaítear don Choiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta ("an Coiste Speisialaithe") cinntí, lena n-áirítear leasuithe, agus moltaí a ghlacadh i leith na n-ábhar uile a bhfuil foráil sa chomhaontú sin maidir leo. I gcomhréir le hAirteagal 10 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, tá na cinntí a ghlacann coiste ina gceangal ar na Páirtithe.

(4) De bhun Airteagal SSCI.71(4) den Phrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair ("an Prótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta"), féadfaidh an Ríocht Aontaithe páirt a ghlacadh sa Mhalartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta chun an prótacal sin a chur chun feidhme agus seasfaidh sí na costais lena mbaineann.

(5) De bhun Airteagal SSCI.4(2) den Phrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta, féadfar sonraí a tharchur idir institiúidí nó comhlachtaí idirchaidrimh na mBallstát agus na Ríochta Aontaithe, faoi réir formheas a fháil ón gCoiste Speisialaithe, trí bhíthin an Mhalartaithe Leictreonaigh Faisnéise Slándála Sóisialta. A mhéid a mhalartaítear foirmeacha agus doiciméid trí bhíthin an Mhalartaithe Leictreonaigh Faisnéise Slándála Sóisialta, tá siad leis na rialacha is infheidhme maidir leis an Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta a urramú.

([1]) IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

([2]) Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L 149, 30.4.2021, lch. 2).

(6) Úsáid an Mhalartaithe Leictreonaigh Faisnéise Slándála Sóisialta chun an Prótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta a chur chun feidhme, rachadh sí chun tairbhe do na Ballstáit agus don Ríocht Aontaithe, d'institiúidí slándála sóisialta agus do dhaoine a ghluaiseann idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe toisc go n-áiritheofaí léi malartú cruinn slán tapa faisnéise slándála sóisialta faoin bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta. Dá bhrí sin, ba cheart don Choiste Speisialaithe cinneadh a ghlacadh chun tarchur sonraí trí bhíthin an Mhalartaithe Leictreonaigh Faisnéise Slándála Sóisialta a fhormheas.

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe a bhunú, ós rud é go mbeidh an cinneadh beartaithe ina cheangal ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta arna bhunú le hAirteagal 8(1)(p) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, leagtar amach é sa dréachtchinneadh ón gCoiste Speisialaithe atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Feabhra 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. ROSWALL

DRÉACHT

CINNEADH Uimh. …/2023 ÓN gCOISTE SPEISIALAITHE UM CHOMHORDÚ SLÁNDÁLA SÓISIALTA ARNA BHUNÚ LE hAIRTEAGAL 8(1)(p) DEN CHOMHAONTÚ TRÁDÁLA AGUS COMHAIR IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN COMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH, DE PHÁIRT, AGUS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN, DEN PHÁIRT EILE,

an ...

a mhéid a bhaineann le húsáid Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta chun sonraí a tharchur idir institiúidí nó comhlachtaí idirchaidrimh

TÁ AN COISTE SPEISIALAITHE UM CHOMHORDÚ SLÁNDÁLA SÓISIALTA,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ([1]) ("an Comhaontú Trádála agus Comhair"), agus go háirithe Airteagal SSCI.4(2) den Phrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta a ghabhann leis,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal SSCI.71(4) den Phrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair ("an Prótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta"), féadfaidh an Ríocht Aontaithe páirt a ghlacadh sa Mhalartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta chun an prótacal sin a chur chun feidhme agus seasfaidh sí na costais lena mbaineann.

(2) De bhun Airteagal SSCI.4(2) den Phrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta, féadfar sonraí a tharchur idir institiúidí nó comhlachtaí idirchaidrimh na mBallstát agus na Ríochta Aontaithe, faoi réir formheas a fháil ón gCoiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta, trí bhíthin an Mhalartaithe Leictreonaigh Faisnéise Slándála Sóisialta. A mhéid a mhalartaítear foirmeacha agus doiciméid trí bhíthin an Mhalartaithe Leictreonaigh Faisnéise Slándála Sóisialta, tá siad leis na rialacha is infheidhme maidir leis an Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta a urramú.

(3) Úsáid an Mhalartaithe Leictreonaigh Faisnéise Slándála Sóisialta chun an Prótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta a chur chun feidhme, rachadh sí chun tairbhe do na Ballstáit agus don Ríocht Aontaithe, d'institiúidí slándála sóisialta agus do dhaoine a ghluaiseann idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe toisc go n-áiritheofaí léi malartú cruinn slán tapa faisnéise slándála sóisialta faoin bPrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta. Dá bhrí sin, ba cheart don Choiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta cinneadh a ghlacadh chun tarchur sonraí trí bhíthin an Mhalartaithe Leictreonaigh Faisnéise Slándála Sóisialta a fhormheas.

(4) Tugann an Coiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta dá aire, cé go bhfuil na rialacha maidir le comhordú slándála sóisialta a leagtar síos sa Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([2]) scartha go dlíthiúil ó na rialacha a leagtar síos sa Chomhaontú Trádála agus Comhair, déantar foráil in Airteagal 34(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair go bhfuil an Ríocht Aontaithe le páirt a ghlacadh sa Mhalartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta (EESSI) agus na costais lena mbaineann a sheasamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tarchuirfear na sonraí idir institiúidí agus comhlachtaí idirchaidrimh de chuid na mBallstát agus na Ríochta Aontaithe trí bhíthin an Mhalartaithe Leictreonaigh Faisnéise Slándála Sóisialta. Tá an méid sin gan dochar do chásanna eisceachtúla a bhfuil údar oibiachtúil leo.

([1]) IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.
([2]) IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

Airteagal 2

Seasfaidh an Ríocht Aontaithe na costais lena mbaineann a eascraíonn óna rannpháirtíocht sa Mhalartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta de bhun Airteagal SSCI.71(4) den Phrótacal maidir le Comhordú Slándála Sóisialta.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa...,

Thar ceann an Choiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta

Na Comhchathaoirligh